

# ❖ An Lúibín ❖

19 Meitheamh 2008

## **An Ghaeilge san Ardteist**

*Fewer students are doing Irish for the Leaving Cert.*

Tá laghdú ar líon na ndaltaí atá ag déanamh an scrúdú Gaeilge san Ardteist. Rinne 86% díobh é anuraidh, agus rinne 85% é i mbliana – sin difríocht de 7,687 dalta. Maitear an scrúdú do dhaltaí ó thíortha eile, agus tá mórán Éireannach ag iarraidh díolúine de bharr deacrachtaí léitheoireachta agus eile. Fágann sin go bhfuil 45,658 dalta ag déanamh an scrúdaithe i mbliana, agus 15,000 á dhéanamh ar an leibhéal is airde, cé nach dócha go mbeadh mórán acu in ann comhrá a choinneáil leat sa teanga, fiú má éirigh go seoighe leo sa scrúdú. Is mó an treise atá á cur ar labhairt na teanga anois, ach níor mhéadaigh sin an t-éileamh atá ar an ábhar.

Tá inní ar an Roinn faoin líon mór daltaí a maitear an Ghaeilge dóibh, agus déanfar tuarascáil faoi cheist na ndíolúiní i gcoitinne. Síltear go mbaineann daltaí éigin feidhm as díolúine agus a fhios acu go gclisfeadh an scrúdú Gaeilge orthu.

Tá scrúduithe ann freisin ina lán teangacha nach bhfuil ‘ar an gcuraclam’. Bhí 179 duine, mar shampla, ag déanamh Polainnise agus 135 ag déanamh Liotuánaise.



## **Tuarthéacs Gaeilge**

*A phone that texts in Irish.*

Tá Samsung chun guthán póca, an *Tocco* (‘teagmháil’ in Iodáilis), a lánseáil. Is féidir téacsáil a dhéanamh i nGaeilge agus in aon teanga dhéag eile leis. Beidh costas €500,000 ag gabháil leis na fógraí, agus tiocfaidh sé amach ar 9/7/08.

Chomh maith le teanga oibrithe, beidh lánfhoclóir T9 (tuarthéacs) de 44,000 focal aige. Guthán lánfheistithe is ea é, agus seo an liosta iomlán: ceamara cúig mheigipixel, bogearra aithinte ceoil, 240 MB de chuimhne inmheánach, sliotán cárta micreaSD a bhfuil 8GB de chuimhne ann, USB 2.0 agus HSDPA (*High-Speed Downlink Packet Access*, nó, mar a déarfaí i dteanga ghlan na nGael, *íoslódáil mhórluais ríomhphaicéad*.) Agus rud eile: scáileán teagmhála a chritheann faoi na méara. Chosnóidh sé idir €200 agus €300 euró.

Tá Nokia chun tosaigh fós sa mhargadh Éireannach, ach tá Samsung ag iarraidh an dara háit a bhaint de Sony-Eriksson. Tá Samsung ag brath ar fhigiúirí a chuireann in iúl go bhfuil Gaeilge (de chineál éigin) ag 40% den phobal agus gur daoine óga a bhformhór. Tá siad ag cuimhneamh freisin ar bhorradh na gaelscolaíochta. B’fhéidir go neartódh an áis nua seo úsáid na Gaeilge a bheag nó a mhór: ní olc an rud i gcónaí do theanga a bheith i do phóca.



## **Eolas**

*Government bodies in Ireland want the opinions of Irish speakers.*

Ba mhaith leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tuairimí a fháil uainn i taobh na straitéise Gaeilge don fiche bliain atá romhainn. Is féidir tuairimí agus moltaí a sholáthar ar-líne ag [www.plean2028.ie](http://www.plean2028.ie), agus caithfear é a dhéanamh roimh 20/6/08.

Tá Foras na Gaeilge, a thugann maoiniú don iris *Beo* ([www.beo.ie](http://www.beo.ie)), ar lorg aighneachtaí agus moltaí ar na foilsiúcháin Ghaeilge. Ba bhreá leo dá seolfaí tuairimí agus moltaí faoi *Beo* chun [foilseachan@forasnagaeilge.ie](mailto:foilseachan@forasnagaeilge.ie) - roimh 20/6/08 arís.

Tá suíomh teagmhála do phobal na Gaeilge curtha ar fáil ag *Fiontraithe le Gaeilge* ag [www.anlionra.net](http://www.anlionra.net). Tá fáilte roimh fhuaim, fhíseáin, bhlaganna agus phróifílí.



## **Clann ilteangach**

*Raising trilingual children.*

Chuirfeadh Gaeilgeoir ar bith suim sa scéal a bhí ar *The Irish Times* (*Tuairisceoir* 10/6/08) faoin bhfear ar thóg sé féin agus a bhean chéile clann thrítheangach in Éirinn. Tógadh mo dhuine le Béarla i mBaile Átha Cliath, agus chuir sé faobhar ar an nGaeilge a d'fhoghlaim sé ar scoil trí thamall maith a chaitheamh sa Ghaeltacht (rud neamhchoitianta, mar a deir sé féin). Ansin chuaigh sé ag obair sa Spáinn ar feadh beagnach deich mbliana, é ag teagasc Béarla ar dtús agus i mbun aistriúcháin ina dhiaidh sin.

Tháinig mo dhuine ar ais ón Spáinn le bean chéile a labhraíodh Spáinnis amháin lena gclann. Labhraíodh seisean Gaeilge leo agus cuireadh a n-iníon (a raibh cúig bliana d'aois ag an am) chun Gaelscoile, áit a ndearna sí staidéar ar Bhéarla den chéad uair. Bhí deacrachtaí ann ar dtús, ach sháraigh sí iad. Labhraíonn sí féin agus a deartháir óg Spáinnis le chéile sa bhaile.

Fuair mo dhuine cabhair ó Chomhluadar ([www.comhluadar.ie](http://www.comhluadar.ie)), eagraíocht a thacaíonn le teaghlaigh atá ag iarraidh clann a thógáil le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus a thugann deis do pháistí agus do dhaoine fásta a gcuid Gaeilge a úsáid le daoine eile sa domhan mór. Tagann feabhas ar chumas cainte na dtuismitheoirí gan mhoill.

Deir mo dhuine go bhfuil trí theanga ar a dtoil ag a chlann anois, rud a rachaidh ar sochar dóibh feasta, agus go bhfuil an-spéis acu i dteangacha eile. Deir sé go mbréagnaíonn an scéal seo an tuairim gur deacair teanga eile a fhoghlaim.



## **An dé deiridh**

*Must we plan to save the language, or is it saving itself?*

'Agus fágтар muid leis an cheist ag an deireadh: an bhfuil an Ghaeilge, mar theanga phobail, ar an dé deiridh?'

Seo mar a deir Ciarán Ó Prontaigh i léirmheas a rinne sé i *Lá Nua* (11/6/08) ar *A New View of the Irish Language*, leabhar a chuir Cois Life amach le déanaí.<sup>1</sup>

---

<sup>1</sup> *A New View of the Irish Language*, eag. Nic Pháidín agus Ó Cearnaigh. Cois Life 2008. ISBN 978-1-901176-82-7.

Is é an freagra atá aige go mbeidh deireadh léi go deimhin mura mbeartaítear ar í a chur á húsáid mar theanga bheo agus spriocanna a shocrú dá réir.

Rudaí mar thacaíocht urghníomhach a thabhairt do thuismitheoirí agus an rogha teanga á déanamh acu, polasaithe oideachais a fhéachfaidh na bearnaí teanga a líonadh agus an gá atá le comhlachtaí stáit bheith cinnte faoi cén éifeacht teanga a bheidh lena gcuid polasaithe. Is úsáideach a leithéid a fheiceáil i bprionta, ach tá fadhb againn fós a bheith cinnte cad iad na hiarrachtaí praiticúla is féidir a dhéanamh leis na spriocanna sin a chur i gcrích. Agus is úsáideach a leithéid de leabhar a fheiceáil i mBéarla nó tá an oiread sin aineolais i measc lucht an Bhéarla gur chóir feachtas oideachais a chur orthu.

Léiríonn an méid seo an tsíorimní a bhíonn ar chuid mhaith Gaeilgeoirí faoi staid na teanga: feiceann siad meath na nGaeltachtaí traidisiúnta, teip na teanga sa rang, agus an difríocht mhór atá idir na 'spriocanna' agus an toradh. Thiocfadh misneach ionat, áfach, ach scrúdú fuarchúiseach a dhéanamh. Tá an ghaelscolaíocht ag borradh agus í á stiúradh féin; níor tháinig aon lagú ar an bhfoilsitheoireacht ach a mhalairt; tá pobal ceart á dhéanamh de ghréasáin Ghaeilge na gcathrach de réir a chéile, cé nach mbeidh sin le feiceáil go soiléir go ceann glúine nó dhó. Thairis sin de, tá gréasáin scaoilte de Ghaeilgeoirí le fáil i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil agus iad ag dul i neart. Má tá sé ródhéanach na seanGaeltachtaí a shábháil (agus gan iontu ach blúirí scaipthe de limistéar níos leithne), tá Gaeltacht nua ar na bacáin.

Tharla an méid seo go léir gan spriocanna oifigiúla a leagan síos. Is beag toradh fiúntach a tháinig riamh ar phleananna agus ar chuspóirí sna cúrsaí seo in Éirinn, cé is moite de chúpla eisceacht. Cuid d'idé-eolaíocht an Stáit is ea cothú na Gaeilge, agus siombalachas suntasach ag gabháil leis: is minic a déarfá gur ar maithe leis an samhailchomhartha atá na beartais ann, beag beann ar dhea-toil na ndaoine a chum iad. Tá a rian sin le haithint, a bheag nó a mhór, ar an nGaeilge éigeantach, ar aistriú na gcáipéisí agus ar úsáid na teanga san Aontas Eorpach, más mar theanga óráidíochta é nó mar cháilíocht ar an CV.

Ní hé sin le rá nach fiú pleananna agus spriocanna a chumadh agus a leagan síos, ach is léir gur fearr an dul chun cinn nádúrtha, cé gur minic is deacair a rá cén toradh a bheidh air. Níor phleanáil aon duine bláthú na gaelscolaíochta. Rudaí beannaithe iad na 'polasaithe,' ach ní thabharfaidh siad an teanga slán.



## Taibhsí

*A song created by Australians is the only song in Irish in the Nòs Ùr competition in Scotland – and you can vote.*

Beidh an t-amhrán 'Taibhsí', a scríobh Paula Kehoe agus Philippa Nihill le haghaidh an album *Saoi: This Drowning is Dreaming* ([www.myspace.com/saoimusic](http://www.myspace.com/saoimusic)), beidh sé á rá beo sa chomórtas Nòs Ùr san Albain ar 21/6/08, ag ceolchoirm in Amharclann Eden Court in Inbhir Nis.

Beidh an pobal in ann féachaint ar an gcomórtas ar shuíomh Nòs Ùr - [www.nos-ur.eu](http://www.nos-ur.eu) - agus deis acu vótáil ar an suíomh féin nó trí théacs a chur.

Is ait an scéal é gurb é 'Taibhsí' an t-aon amhrán amháin sa chomhórtas atá i nGaeilge na hÉireann (nó Gaeilge na hAstráile más maith leat).

## Tumsheachtain na Gaeilge 2008

### Cumann na Gaeltachta, Ceanada

Dátaí: 27 Iúil – 2 Lúnasa 2008

Láthair: Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh, 298 Gilmore Road, Tamworth, Ontario  
<http://www.anghaeltacht.ca/>

Costas: \$50 sa tseachtain, nó \$15 sa lá

**Fáilte roimh thosaitheoirí agus roimh chainteoirí líofa araon.**

### **An Seoigheach san Eoraip**

*The Irish (including those who have never read him) claim James Joyce as their own. In reality he was European from the start.*

Déanta na fírinne, bhí an Seoigheach ina Eorpach riamh. Ó Éirinn (agus ó Bhaile Áth Cliath go háirithe) a thóg sé a chuid ábhair agus an saghas Béarla ilfheidhmigh a d'úsáid sé chun an t-ábhar sin a chur in iúl. Ach ba é an domhan mór a mheall é, domhan a raibh Éire ar a imeall; dá chomhartha sin, bhí an Iodáilis foghlamtha go maith aige faoin uair ar shocraigh sé ar an Mór-Roinn a bhaint amach sa bhliain 1904.

Is ábhar suime é scéal a bheatha as sin amach. Bhain sé féin agus Nóra Trieste amach agus d'fhan siad ann go dtí an bhliain 1915, cé gur thug siad trí chuairt ar Éirinn agus gur thug siad ocht mí dhéag sa Róimh. I rith an Chéad Chogadh Domhanda chónaigh sé féin agus a mhuirín i Zürich na hEilbhéise, agus i ndiaidh an chogaidh chuir sé faoi i bPáras, áit ar foilsíodh *Uiliséas* sa bhliain 1922. Nuair a tháinig an Dara Cogadh Domhanda níor fhíll sé ar Éirinn; bhain sé Zürich amach arís, áit ar cailleadh é sa bhliain 1940.

Bhí gá ag an Seoigheach leis an Eoraip mar áit a mbeadh meas ar a shaothar agus, chomh tábhachtach céanna, mar áit a ligfeadh dó a thír dhúchais a scrúdú go fuarchúiseach agus go mion. Is í an Eoraip a rinne scríbhneoir mór den Seoigheach, agus is mór an cúram a rinne sé siúd de na heagráin Iodáilise agus Fhraincise d'*Uiliséas*. Níor mhaolaigh an tsuim a bhí aige in Éirinn riamh, ach ba í suim an té a bhfuil baile nua aimsithe aige í, agus nuair a thug sé cuntas ar a gcathair dhúchais d'athmhúnláigh sé a scéal de réir na heipice Eorpaí is mó.

Ní hé gur thréig an Seoigheach Éire ar son na hEorpa; a mhalairt ar fad, thug sé Éire anonn leis agus rinne cuid den aigne Eorpach í. An Éire atá anois ann – tír a bhfuil a haghaidh arís ar an mBruiséil, ar Pháras, ar Bheirlín - lean sé lorg an scríbhneora.

Ní Béarla a bhí mar theanga theaghláigh ag an Seoigheach ach Iodáilis, teanga atá le fáil in Uiliséas mar shaghas réamhinsinte ar stair an údair. Tá Stiofán Dedalus ag foghlaim amhránaíochta ón deoraí Iodálach Almidano Artifoni, agus sa sliocht seo thíos tá Artifoni á shaighdeadh chun brabach a bhaint as a ghuth. Ina dtimpeall tá saol na cathrach ag dul ar aghaidh ar a shaindóigh féin, mar a bheadh scannán ann.

-Ma, arsa Almidano Artifoni.

D'fhéach sé thar ghualainn Stiofáin ar chloigeann cnagach Gholdsmith.

Ghabh lán dhá charr de thurasóirí thart go mall, na mná ar tosach agus greim gan cheilt acu ar na lámhthacaí. Aghaidheanna bána. Lámha fear curtha gan cheilt faoina gcoirp chranda. A súile ag bogadh ó Choláiste na Tríonóide go dtí póirse caoch colúnúil bhanc na hÉireann, áit a raibh colúir ag corracúcúcú.

-*Anch'io ho avuto di queste idee, arsa Almidano Artifoni, quand' ero giovine come Lei. Eppoi mi sono convinto che il mondo è una bestia. Perche la sua voce...sarebbe una cespìte di vendita, via. Invece, Lei si sacrifica.*

-*Sacrifizio incruento, arsa Stiofán, aoibh an gháire ar a bhéal, é ag luascadh a cleithe fuinseoige óna lár le luascliongadán, go héadrom.*

-*Speriamo, arsa an aghaidh aoibhinn chroiméalach. Ma, dia retta a me. Ci rifletta.*

In aice le lámh dhian chloiche Ghrattan, agus í ag fógairt stad, dhíluchtaigh tram Inse Chór bannadóirí míleata ó na Garbhchríocha ina scíontacháin.

-*Ci rifletterò, arsa Stiofán, ag tabhairt súile síos ar chos urrúnta an bhríste.*

-*Ma, sul serio, eh? arsa Almidano Artifoni.*

Rug a lámh throm go teann ar lámh Stiofáin. Súile donna. Iad ag stánadh go fiosrach ar feadh nóiméid gur chas siad go luath i dtreo tram Dheilginse.

-*Eccolo, arsa Almidano Artifoni go tapa cairdiúil. Venga a trovarmi e ci pensa. Addio, caro.*

-*Arriverdela, maestro, arsa Stiofán, ag ardú a hata nuair a scaoileadh a lámh saor. E grazie.*

-*Di che? arsa Almidano Artifoni. Scusi, eh ? Tante belle cose!*

Chuaigh Almidano Artifoni ar sodar i mbríste storrúil i ndiaidh thram Dheilginse, agus é ag bagairt bata de cheol corntha mar chomhartha. Ba shaothar in aisce aige dul ar sodar, ba shaothar in aisce comhartha a dhéanamh i measc an tslua de ghiollaí glúinloma a bhí ag smuigleáil uirlisí ceoil trí gheataí an Choláiste.<sup>2</sup>

Seo againn an Eoraip i lár Bháile Átha Cliath, í tagtha chun Stiofáin lena theagasc agus ag réiteach an bhealaigh soir dó. Ghabh an Seoigheach an bealach sin agus chuaigh i gcré eile, rud nár chosain a thaibhse ar scléip sheamrógach *Bloomsday*.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au) nó chun [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au) or [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)*

<sup>2</sup> Sliocht as *Ulysses*, Penguin 1968. Lgh 227-8.